COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 2
COINCHEAPA DON CHEAPADÓIREACHT DHIGITEACH

Rewarding Learning

Ceapadóireacht Ilmheán

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- tuiscint a léiriú ar an dóigh ar féidir le fillteáin bheith ina chuidiú le bainistíocht sócmhainní;
- na cineálacha meán seo a leanas a chruthú agus a úsáid: físeán, beochan agus fuaim;
- meáin optamaithe éagsúla a chomhtháthú isteach i réiteach ilmheán, lena n-áirítear beochan, físeán, fuaim, íomhánna agus téacs;
- cur síos a dhéanamh ar thionchar na n-acmhainní neamhoptamaithe ar fheidhmíocht an phacáiste.

An dóigh ar féidir le fillteáin cuidiú le bainistíocht sócmhainní

Agus táirge ilmheán á dhearadh agus á chruthú, is ríthábhachtach na sócmhainní a eagrú. Is é is sócmhainn ann, comhad ar nós íomhá nó físeáin atá ionchorpraithe isteach sa táirge. I dtáirge mór, beidh a lán íomhánna, beochaintí, fuaimeanna srl. ann. Ní mór ainmneacha ábhartha cuí a chur ar gach comhad agus iad a shábháil i bhfillteáin a bhfuil ainmneacha cuí orthu fosta. Cinntíonn seo, nuair a bhíonn foireann daoine ag obair le chéile ar thionscadal, thig le gach ball den fhoireann an rud díreach atá uaidh a aimsiú mar go bhfuil sé sábháilte i bhfillteán so-aimsithe le hainm soiléir.

Gníomhaíocht: Smaoinigh ar an dóigh a dtiocfaí an tacar comhad seo a leanas a stóráil níos éifeachtaí.

Name	Date modified	Type	Size
_private	05/01/2016 14:15	File folder	
images	19/01/2016 11:49	File folder	
photogallery	05/01/2016 14:43	File folder	
aboutus	13/01/2016 13:26	HTML Document	7 KB
embed	13/01/2016 13:26	HTML Document	2 KB
facebook	02/02/2016 13:25	JPEG Image	3 KB
favorite	05/01/2016 14:34	HTML Document	7 KB
feedback	05/01/2016 14:34	HTML Document	9 KB
index	02/02/2016 15:13	HTML Document	8 KB
interest	05/01/2016 14:34	HTML Document	7 KB
logo	05/01/2016 14:34	JPEG Image	11 KB
My Movie	10/04/2017 13:15	MPEG-4 Movie	2,090 KB
photo	05/01/2016 14:34	HTML Document	6 KB
video	27/01/2016 13:15	MPEG-4 Movie	1,456 KB

Úsáid Físeáin, Beochana & Fuaime

Físeán:

Cuireann Bogearraí Eagarthóireachta Físe ar do chumas píosaí físe a thaifeadadh nó a iompórtáil agus ansin eagarthóireacht a dhéanamh orthu le scannán a chruthú. Is féidir leat teidil, fuaimeanna agus íomhánna socra a chur isteach agus cibé píosaí nach bhfuil de dhíth ort a scriosadh nó a ghearradh. Le roinnt pacáistí, is féidir leat éifeachtaí difriúla a chur isteach amhail ceartú datha, scannán a mhoilliú, scannán a dhéanamh níos gasta srl. Ba chóir duit d'fhíseán a phleanáil le scéalchlár agus a chinntiú go ndéantar tástáil iomlán air ina dhiaidh.

Tá a lán pacáistí bogearraí físeán difriúla ar fáil, ar nós Movie Maker, iMovie nó Sony Vegas.

Beochan:

Is íomhá ghluaisteach í beochan. Ba chóir duit do bheochan a phleanáil le scéalchlár. Is íomhá amháin taobh istigh den bheochan é fráma. Is féidir le beochan a bheith déanta de roinnt frámaí difriúla. Beidh gach fráma le feiceáil ar feadh tréimhse ama. An luas ag a n-athraíonn na frámaí, tugtar ráta na bhfrámaí air.

Is féidir bogearraí ar nós Adobe Flash nó Toon Boon a úsáid le beochaintí a chruthú fosta.

Fuaim:

Is féidir leat réimse gnéithe a úsáid taobh istigh de na bogearraí fuaime le heagarthóireacht a dhéanamh ar chomhaid fuaime, amhail:

- cur ina thost (baineann sé fuaimeanna nó callán nach bhfuil de dhíth sa chúlra)
- cóipeáil agus greamú
- meascadh (dhá chomhad fuaime a chumascadh le chéile)
- éifeachtaí speisialta m.sh. céimniú isteach, céimniú amach, macalla, aimpligh

Is féidir pacáistí bogearraí ar nós Audacity, Cool Edit nó AudioBoom a úsáid le fuaimeanna a thaifeadadh.

Meáin a chomhtháthú i réiteach ilmheán

Beochaintí agus Íomhánna a Ionsá

- Sábháil an gif nó an íomhá bheoite isteach san fhillteán chéanna le do tháirge ilmheán. Cuir comhadainm cuí ar an chomhad.
- Téigh chuig Insert > Picture > From file



- Aimsigh an áit ar shábháil tú an comhad, roghnaigh é agus roghnaigh Insert



Físeán a Ionsá

- Sábháil an físeán san fhillteán chéanna le do tháirge ilmheán. Cuir comhadainm cuí ar an chomhad.
- Téigh chuig Insert > Picture > Video



- Aimsigh an áit ar shábháil tú an comhad, roghnaigh é agus roghnaigh Open



Comhad fuaime a Ionsá

- Téigh chuig Insert > Web Component.
- Scrolláil síos agus roghnaigh Advanced Controls, agus ansin roghnaigh ActiveX Control.
- Brúigh ar an chnaipe Next.
- Cliceáil ar an chnaipe Customize, scrolláil an bealach ar fad síos, agus roghnaigh "Windows Media Player."
- Ba chóir go mbeifeá ar ais ag an liosta chéanna a chonaic tú roinnt soicindí ó shin. Scrolláil an bealach ar fad síos agus roghnaigh Windows Media Player agus brúigh Finish. Feicfidh tú réad Windows Media Player in FrontPage.
- Thig leat cliceáil ar an réad, ActiveX Control Properties a roghnú, agus an réad a shaincheapadh mar is mian leat.

Tionchar na n-acmhainní neamhoptamaithe ar fheidhmíocht an phacáiste:

Ciallaíonn optamú, méid fisiceach, méid comhaid agus taifeach acmhainne a laghdú leis na hamanna íoslódála a laghdú. Mura bhfuil acmhainní optamaithe lena n-úsáid taobh istigh de phacáistí, is féidir leis sin fadhbanna a chruthú. Méadófar amanna íoslódála, rud a chuirfidh frustrachas ar an úsáideoir deiridh.

Cad chuige ar chóir acmhainní a optamú?

- Le ham íoslódála a fheabhsú
- Le costais bhandaleithid a laghdú
- Le costais bhonneagair a laghdú

Cad é mar is féidir méid comhaid a laghdú?

Tá dhá chineál combhrúite ann: comhbhrú neamhchaillteach agus comhbhrú caillteach. Le comhbhrú neamhchaillteach, bíonn gach píosa sonraí a bhí sa bhunchomhad ann go fóill i ndiaidh neamh-chomhbhrú a dhéanamh ar an chomhad. Déantar an fhaisnéis go léir a athshlánú ina hiomláine. Baintear úsáid as seo le comhaid téacs nó scarbhileoige a chomhbhrú, nuair a d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ann mar gheall ar fhocail nó sonraí uimhriúla a chailleadh.

Ar an taobh eile, laghdaíonn comhbhrú caillteach an comhad trí roinnt faisnéise a scrios go buan ón chomhad. Go ginearálta, baintear úsáid as seo d'fhíseán, d'fhuaim agus d'íomhánna, mar nach dtabharfaidh an chuid is mó de na húsáideoirí faoi deara go bhfuil roinnt faisnéise ar iarraidh.

Do tháirge ilmheán, is den tábhacht go bhfuil méideanna comhad optamaithe:

Gné Ghrafach	• Sábháil an íomhá mar JPEG, GIF nó PNG • Mionsamhail a chruthú • An íomhá a bhearradh lena dhéanamh níos lú
Comhad fuaime	• Sábháil an comhad mar chomhad WAV, MP3 nó WMA
Comhad físe	• Sábháil an comhad mar chomhad d'fhormáid MPEG, MOV, WMV nó AVI
Beochan	• Sábháil an comhad mar GIG nó FLA

Acmhainní:

http://www.bbc.co.uk/education/subjects/zqmtsbk

© CCEA 2019